

# **Maidir le Lá le Bríde - Aoife Ní Bhraoin (1988)**

**Cén saghas bia a bhí agaibh?**

**An bhfuil fhios agat a Chailín, fadó ní raibh aon trácht ar cén sort, ach nuair a thioctadh ocras orthu, gheofaí leor leis an mbia a bheadh ins an tigh, ba chuma cén sort bia. Ní raibh aon trácht in aon chor ar cad é an rud a bheadh acu, anois nó cad é an rud a bheadh acu arís ach an rud a bheadh ann le linn na h-uaire. Dheanfaí é a bheiriú, nó é a bhacáil, agus ní chuimhin liom go mbíodh aon difear ins an mbia Lá le Bríde ach....**

**Bhraitheadh sé ar shaothar an fheirmeora?**

**Bhraitheadh sé ar an anlann a bheadh sa tigh. Ba lá saoire ar Chastaibh, Lá le Bríde, ní chasfaí Cuipeann an fheirmeora dá mbeadh Cuipeann le déanamh, dhéanfaí an cuipeann an oíche roimh ré.**

**An mbeadh bia difriúl i gceanntair eagsúla?**

**B'fhéidir go mbíodh dá mbeadh aon mór (saibhreas) ann ach bhí an áit seo ró-bhocht agus ní raibh aon trácht ar bhia ach bheidís buíoch do neachtach dá mbeadh aon anlann acu.**

**Dhéanadh sibh muc a mharú?**

**Ní dhéantaí le linn m'óige ach is cuimhin liom ina dhiadh san nuair a bhíos sinne dhéantaí, ach le linn m'óige ní cuimhin liom go marítí aon mhuc.**

**Cad faoi bairiú breac nó colcannon?**

**Bheadh Colcannon b'fhéidir nó a bheadh cabáiste 'geal' timpeall an Samhan. Agus ansan bairín breac ní chuimhin liom í ach san Nollaig, bhí sean-rá acu, deiridís i gconáí é, "Bia is beatha um Nollaig agus eadaí nua na Cásca". Bhíodh troscadh an dhian san am sin agus bhíodh an sean-dhream go léir tá a fhios agat, dheánidís an troscadh cé nach raibh an bia a bhíodh acu ro-shubstaintúil, fós dheánidís an troscadh. Bhíodh troscadh ar gach aon Ceadaoin agus Aoine sa charghais, agus gach aon Céadaoin agus Aoine agus Satharn dos na ceithre tráltanna troascaigh agus ní íosaidís feoil aon lá troascaigh ní raibh aon tseans, bhíodh iasc acu.**

**A mbíodh feoil coitianta sna bhféilte seo?**

**An raibh aon bhéile agaibh le feoil amháin ann?**

**- Gan aon glasraí/torthaí?**

**B'fhéidir go mbeadh nuair ná beadh na glasraí ar fáil san Earrach – bheidís gann abair dá mbeadh na glasraí ann. Chuirfí siad iad ag iarraigh cúnaimh a thabhairt chun nár ghá an oiread san feola mar ní raibh an t-airgead ann ná rabhadar ábalta ar an bhfeoil a cheannach.**

**Conas go ndéantar am cocaráil ar an mbia sin?**

**Ní chuimhin liom aon chocaráil a dhéanamh ach beiriú, beiriú is mó. B'fhéidir go róstfaí in aice na tine dá mbeadh blúiriú do chaoireoil nó mar sin é, ach ní bheadh sé ann go h-annamh. Domhnach Cásca is mór an náire bheith gan feoil. Bheidís ag iarraigh píosa deas feola a bheith acu Domhnach Cásca leis.**

**An raibh ím tábhachtach timpeall ar Bhealtaine?**

**Bhí ím tábhachtach i gconaí mar dhéanidís a gCuipinn féin. Bhíodh an t-uachtar acu féin agus bhíodh císte deas uachtar acu ceart go leor. Dhéanidís féin a gcuid ime féin.**

**An raibh aon bheilí agaibh a dhéanamh sibh cois tine?**

**Le linn na Bealtaine ní raibh!**

**Nó amuigh faoin aer!**

**Bheadh beilí faoin aer nuair a bheadh an féar á shabháil agus an t-arbhair á shabháil.**

**Agus cén saghas bia a bhíodh acu?**

**Roinnt tae. ní thugaidís go deo prataí mar deiridís bia mar sin gan é a thabhairt go dtí an ghort. Císte agus tae.**

**An bhfágadh sé císte ann le haghaidh na ndaoine a thioctadh i bhúr ndiaidh?**

**Sa ghort ní fagadh!**

**A théadh sibh amach ag baint torthaí fian an turas sin?**

**Ní mór é.**

**Is dócha go raibh na torthaí sin tábhachtach timpeall ar Lá Lughanasa?**

**Bhíodar tábhachtach tríd an mbliain amach. Rudaí áirithe dá mbeadh ainmhí breoite nó mar sin.**

**Cad faoin stampy agus Colcannon um Shamhain?**

**Ní raibh aon Bhean tí in ar dtighe agus ní deineadh an stampy riamh in ar dtigh féin. D'itheas é, d'itheas i dtigh na comharsan é. Fuar, ní thaitheodh sé liom.**

**Cnó agus úlla; oíche na n-úll?**

**Bhíodh cnó agus úlla. Thugadh an dream aosta i gconaí cnó agus úlla go dtí an dream óg.**

**Tine;**

**Gheobhaimis dhá phónaire ansan. Ainmn'aimis cailín agus buachaill a bheadh mór lena chéile, agus chuirfí isteach ansan ins an ghríosaigh, agus fagtaí tamaillín iad, dá**

**léimfeadh an cailín, dearfaí; ní fhanfaidh sí leis an mbuachaill sin in aon chor. Dá léimfeadh an buachaill (a chnó) dearfaí ná posaidís sin in aon chor. Níl aon torradh aige ar an gcailín sin.**

**A mbíodh béile agaibh dos na mairbh?**

**Ní bhíodh. Ach fágadh sean-duine a phiopa, líonta do thobac, chun go mbeadh na mairbh ábalta tarraingt ar an bpíop.**

**Cad faoi tinte chnáimh;**

**Ní bhíodh maidir leis na bhféilte, ach amháin la le Seán**

**Ainmneacha eile ar na bhféilte;**

**Díreach na cinn atá luaite.**

**Cad faoi uisce ón dtobair: Úsaidte sna beilí?**

**Nuair a bhíodh an bainne gann, nuair na bíodh bainne féar acu le haghaidh an arán. Taoscán uisce agus gráine maith plúr isteach sa chana agus chuiridís isteach idir 2/3 de phrátaí ann ligeadh siad do san géaradh agus dheineadh sé sin arán an-mhaith.**

**Cad faoi Bealtaine ansan?**

**Bhí feabhas beag ag teacht ar an saol, bhíodh glasraí ag fás agus mar sin agus bhí sé de nós ag na sean-mhná na neantóga óga a bheiriú agus an t-uisce a bheadh ar na neantóga a thabhairt don gclann le n-ól agus go mbeadh ana shláinte acu go ceann bliana go dtí Bealtaine arís. Bhí ana mhuinín acu as uisce na neantóg agus arís as uisce na mbárnach.**

**Úsáid Oatmeal;**

**Ní bhíodh i gCiste. Díreach go ndéanfaí leite, agus dhéanadís leite as mhinbhuí, chomh maith. Bhí minbhuí an-mhaith ag teacht an uair sin, agus is cuimhin liom agus mé óg go ndéanadís leite do agus gheobhfá leite: mbabhla agus spúnóg agus d'fhéadfá braonín bainne a chaitheamh isteach I gconaí fé mar a thógfá an spúnóg leite. Sin leite minbhuí.**

**An mbíodh aon bhéile agaibh le feoil amháin?**

**Is mó a bheadh na glasraí acu ná an fheoil. Nuair a bhíos óg anois abair ní bheadh an fheoil chomh flúirseach. Feoil muice is mó a bheadh ann.**

**Tá sean-rádh anseo**

**“Ith smior mairt agus beidh tú cruais tapaigh.**

**Ith smior muice agus beidh tú bog meata”**

**Nuair a bhíos éirithe suas, is dócha, maridís muc, anois is arís.**

**Cé a dhéanadh an cocaráil ar an mbia?**

**Bean a' tí, dá mbeadh bean an tí ann, nó mara mbeadh caitheadh fear an tí é a dhéanamh nó duine éigin. Ní bhíodh alán le déanamh, beiriú formhór gach aon ní agus nauir a bheiridís an t-iasc chuiridís le h-ais an tine é agus dhéanaidís an rud céanna dá mbeadh anlann muiceoil anois nó aon ní acu.**

**A bhíodh acu bhia agaibh a dhéantaí cois tine timpeall ar lá le Bealtaine**

**Ní chuimhin liomsa aon athrú a bheith ar an mbia Lá Bealtaine ná ní chuimhin liom aon trácht a bheith tharis ná Lá le Bríde.**

**Lá Lughanasa:**

**Bhíodh na prátaí nua agus bheadh oinniúin agus scailliúin an uair sin ann. Bheidís sin acu. Iasc i gconáí.**

**Ainmneacha eile ag an bhféile?**

**August Na 'Gnopps' – na prátaí ramhair**

**Turas Amach?**

**Ní bhíodh - ! Chun na torthaí a phiocadh – ní bhíodh.**

**Maidir leis an turas amach Lá le Bríde – b'fhaighimis tornap agus bhainimis an craiceann don tornap.**